



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Plean Gníomhaíochta Straitéiseach

chun an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a athnuachan
(SPNF)

2022 - 2024



Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie/tithiocht



Brollach: An tAire O'Brien

Tá an-áthas orm, i dteannta le mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Malcolm Noonan, an Plean Gníomhaíochta Straitéisí um Athnuachan an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a fhoilsiú.



Tháinig an Plean Gníomhaíochta Straitéisí chun cinn ón ngealltanas sa Chlár Rialtais chun athbhreithniú a dhéanamh ar shainchúram, stádas agus mhaoiniú an NPWS. Críochnaíodh an t-Athbhreithniú neamhspleách ilchéime i mí Feabhra 2022 agus mar thoradh air tháinig cúig mholadh déag chun cinn chun athnuachan a dhéanamh ar an NPWS, agus eagraíocht níos athléimní agus níos éifeachtaí a dhéanamh aisti a bheidh réidh le déileáil le dúshláin an aonú haois is fiche. Tá an Plean Gníomhaíochta Straitéisí, atá faofa ag an Rialtas, ceaptha chun na moltaí sin a chur i gcrích agus tá sé mar thosaíocht lárnach dom féin, mar Aire, é a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na húdair neamhspleácha a thug faoin taighde agus faoin anailís, agus a rinne na moltaí a thacaíonn leis an bPlean Gníomhaíochta Straitéisí. Rinne an tOllamh Jane Stout cathaoirleacht ar an gcéad chéim den Athbhreithniú a chuimsigh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara, le baill foirne agus leis an bpobal i gcoitinne; iniúchadh ar na dúshláin agus na deacrachtaí a bhfuil an eagraíocht ag tabhairt aghaidhe orthu, agus roinnt bearnaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar an NPWS agus é ag iarraidh a shainchúram a chomhlíonadh go héifeachtach. Stiúir an t-Iar-Ard Rúnaí Gerry Kearney na céimeanna deireanacha den Athbhreithniú agus thóg sé chun críche í, agus é ag tarraingt ar anailís Chéim 1 chun moltaí cuimsitheacha saineolacha a dhéanamh faoin struchtúr cuí eagraíochta don NPWS, agus anailís dhomhain a sholáthar ar a rialachas, ar sholáthar acmhainní, córais chumarsáide agus sonraí, ag léiriú gnóthachan deireanach maidir le soláthar acmhainní agus athruithe eagraíochta, agus ag leagan amach bealaigh shoiléir chun cur leis na forbairtí dearfacha sin agus déanamh cinnte go bhfuil an NPWS oiriúnach don chuspóir agus gur féidir leis an shainchúram lárnach a chomhlíonadh ar feadh na mblianta fada.

Tá stair bhródúil ag an NPWS, agus cé gur eagraíocht réasúnta beag í agus tuairim is ceithre chéad duine inti, gabhann raon casta freagrachtaí leis, ó fheidhmeanna tábhachtacha beartais agus comhairle, go freagrachtaí oibriúcháin sna Páirceanna Náisiúnta, go caomhnú, forfheidhmiú, ceadúnú, bithéagsúlacht agus bheith ina chomhairlí reachtúil maidir leis an bpleanáil.

Lean an eagraíocht ar aghaidh le linn go leor blianta barainneacha ag foireann thiomnaithe shaineolach daoine. Tá áthas orm, ar a son freisin, go gcuirfidh an Plean seo an fuinneamh ar fáil chun cur leis na gnóthachain shuntasacha a raibh mé in ann, agus mé ag obair leis an Aire Stáit, a bhaint amach le haghaidh na heagraíochta sna dá bhuiséad deireanacha, chun a mhaoiniú a thógáil ar ais den chéad uair ón ngéarchéim airgeadais, go na leibhéil a bhí ann roimh 2008. Le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Straitéisí, tá todhchaí gheal i ndán don NPWS.

Darragh O'Brien TD, An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Brollach: An tAire Noonan

Nuair a ceapadh mar Aire Stáit mé agus freagracht orm as an Oidhreacht, bhí a fhios agam gurbh é an cúram ba tábhachtaí a bheadh agam ná freagairt do ghéarchéim na bithéagsúlachta agus oidhreacht dhearfach a chruthú don dúlra, agus go mbeadh ról lárnach ag an Rialtas seo chun athbhreithniú ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maidir leis sin a bhaint amach.



Tá cosaint, caomhnú agus aisghabháil ár mbithéagsúlachta thar a bheith tábhachtach dom féin, agus do go leor daoine eile, is eol dom. I gcás na hÉireann, chun é sin a bhaint amach teastaíonn Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag a bhfuil na hacmhainní cearta, an fhoireann cheart agus atá ullmhaithe i gceart-: ceann atá cumhachtaithe chun a ról a ghlacadh inár bhfreagairt choiteann ar ghéarchéim na bithéagsúlachta, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Cuirfidh an Plean Gníomhaíochta Straitéisí seo an struchtúr ceart eagraíochta ar fáil don NPWS chun a shainchúram a chomhlíonadh go hiomlán, mar atá cosaint agus aisghabháil ghnáthóga agus speicis na hÉireann a stiúradh agus ár gcuid Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra a bhainistiú, agus ar an mbealach sin tacú le geilleagair áitiúla tuaithe, leis an turasóireacht agus an tsláinte phoiblí, agus, ar ndóigh, an dúlra féin.

Bainfidh sé amach NPWS atá níos athléimní, níos oiriúnaí don chuspóir agus ag a mbeidh acmhainní níos fearr, a mbeidh féiniúlacht agus guth níos láidre aige, agus a bheidh cumasaithe níos fearr chun déileáil le hathrú. Mar ghníomhaireacht fheidhmiúcháin, cinnteoidh a fhoireann bainistíochta sinsearaí tosaíochtaí lárnacha níos soiléire, chomh maith le díriú na n-acmhainní sin ar na tosaíochtaí sin. Trí hathdhearadh inmheánach iomlán a dhéanamh ar an NPWS beidh Stiúrthóireachtaí nua agus iad struchtúrtha de réir línte feidhmiúla, cumarsáid fheabhsaithe, go himmheánach agus go seachtrach araon, agus béim níos láidre a bhfuil géarghá léi, ar sheirbhís do chustaiméirí, thorthaí agus baint amach spriocanna don phobal agus don saoránach. Tabharfar tosaíocht do phlé níos fearr agus níos struchtúrtha le páirtithe leasmhara NPWS agus leis an bpobal trí phróiseas struchtúrtha um phlé le páirtithe leasmhara.

Sa deireadh, mar an rud is tábhachtaí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis an bpróiseas ríthábhachtach athbhreithnithe seo - baill den phobal, páirtithe leasmhara, agus foireann an NPWS féin. Ba mhaith liom moladh a thabhairt ach go háirithe leis na húdair neamhspleácha a bhfuil an Plean Gníomhaíochta deartha lena gcuid oibre a chur i bhfeidhm - An tOllamh Jane Stout as Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Dr Micheal Ó Cinnéide, a chuir i gcrích an chéad chéim den Athbhreithniú, agus an t-Iar-Ard-Rúnaí Gerry Kearney, a thug chun críche na céimeanna deireanacha den Athbhreithniú.

Meastar gur tháinig ár bPlean Gníomhaíochta Straitéisí chun cinn mar thoradh ar a gcuid cinntí agus bhur n-ionchur go léir.

Le blianta fada anuas, léiríonn foireann an NPWS i gcónaí a bpaisean agus a ngealltanas domhain don dúlra, chomh maith lena rún daingean é a chosaint. Beidh sé dúshlánach na gníomhartha sa Phlean Straitéiseach a bhaint amach, ach tá sé feicthe agam féin an méid is féidir leis na daoine tiomnaithe sin a dhéanamh. Tacaím leo agus iad ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin sin.



Malcom Noonan TD, Minister of State for Heritage and Electoral Reform



Cinntíonn Plean Gníomhaíochta Straitéiseach an SPNF go bhfuil acmhainní ag an SPNF, go bhfuil sí ullmhaithe agus go bhfuil struchtúr láidir eagraíochta aici chun maith a dhéanamh go hiomlán ar a mandáid agus a cuid féin a dhéanamh i ndáil le freagairt na hÉireann ar an éigeandáil bhithéagsúlachta, ar bhonn náisiúnta agus domhanda.



Plean Gníomhaíochta Straitéiseach

2022

R2 2022

Gníomh	Dáta críochnaithe
Faomhadh an Rialtais chun NPWS a bhunú mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin; a fhoireann bainisteoirí sinsearacha; grúpa saineolaithe idirnáisiúnta a cheapadh; agus le haghaidh na bpost breise a theastaíonn faoi láthair	Meitheamh 2022
Aontú ar leibhéal Roinn chun líonadh folúntas i NPWS a bhrostú	Meitheamh 2022
Foireann bainistíochta sinsearaí a bhunú agus í déanta suas de Phríomhaithe agus de Rúnaí Cúnta	Meitheamh 2022
Stiúrthóireacht nua um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintacaí (ECSS) a bhunú, agus sainchúram aige chun an clár athraithe a bhainistiú	Meitheamh 2022
Comhaontú foirmiúil idir bainisteoirí sinsearacha i NPWS agus TFC R/Tithíochta ar bhonn trí-bliana framework for modernisation of ICT across NPWS	Meitheamh 2022
D'fhéadfadh go mba mhian leis an Rialtas machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist níos leithne mar atá feidhmeanna comhlachtaí poiblí i ndáil leis an mbithéagsúlacht agus an dúlra ag an tráth seo	Meitheamh 2022

R3 2022

Gníomh	Dáta críochnaithe
Grúpa saineolaithe idirnáisiúnta a cheapadh chun leibhéil foirne NPWS a thagarmharcáil	Meán Fómhair 2022

Bunú foirmiúil an NPWS mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin a chríochnú	Meán Fómhair 2022
Dréachtráiteas misin, dréachtphean straitéiseach a fhaomhadh ag foireann bainisteoirí bairr le haghaidh comhairliúcháin chomh maith le tosaíochtaí lárnacha don NPWS	Meán Fómhair 2022
plean sonrach i bhfeidhm um aistriú foirne agus feidhmeanna chuig na stiúrthóireachtaí nua	Meán Fómhair 2022
Stiúrthóireacht nua ECSS a cheapadh, gairmi Cumarsáide agus ceapacháin chuig na poist AD, TFC agus Airgeadais	Meán Fómhair 2022
Fóram struchtúrtha páirtithe leasmhara a bhunú, agus céad chruinniú an fhórait a reáchtáil	Meán Fómhair 2022

R4 2022

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Na cúig stiúrthóireacht nua bunaithe agus na baill foirne reatha lonnaithe iontu	Nollaig 2022
Róil, freagrachtaí agus socruithe tuairiscithe soiléire i bhfeidhm le haghaidh na mball foirne go léir	Nollaig 2022
Pleananna gnó gearrthéarmacha le haghaidh gach stiúrthóireachta curtha faoi bhráid an fhoireann bainistíochta bairr le faomhadh	Nollaig 2022
Fionnachtana sainghrúpa idirnáisiúnta tagarmharcála ar sholáthar foirne faighte	Nollaig 2022
Comhairliúcháin inmheánacha agus sheachtracha faoin dréachtphean straitéiseach ar siúl	Nollaig 2022

Athbhreithniú inmheánach tosaithe ar obair NPWS á fáil ó, nó á déanamh thar ceann, comhlachtaí poiblí eile	Nollaig 2022
Buanchoistí trasfheidhmiúla bunaithe	Nollaig 2022
Comhdháil bhliantúil NPWS reáchtáilte	Nollaig 2022

2023

R1 2023

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Tabhairt chun críche comhairliúchán inmheánach agus seachtrach agus tabhairt chun críche dréachtphlean straitéisigh le cur faoi bhráid an Aire faoi réir faofa ag an mBord Bainistíochta	Márta 2023
dréachtphleananna gnó 2023 a chur faoi bhráid an fhoireann bainisteoirí sinsearacha ag gach stiúrthóireacht, lena n-áirítear aschur trasfheidhmiúil le haghaidh na bliana	Márta 2023
Críochnú Dréachtchláir Riosca agus Pleananna Fórsa Oibre ar fud gach stiúrthóireachta	Márta 2023
Athbhreithniú inmheánach déanta chun iniúchadh a dhéanamh ar obair NPWS á fáil ó, nó á déanamh thar ceann, comhlachtaí poiblí eile	Márta 2023
Cruinniú amháin ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí a bheith déanta i ngach Rannóg gheografach in 2022	Márta 2023

R2 2023

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Plean straitéiseach meántéarmach don NPWS faofa agus foilsithe	Meitheamh 2023

Plean um chur i bhfeidhm a fhaomhadh le haghaidh fionnachtana ag grúpa saineolaithe ar thagarmharcáil	Meitheamh 2023
Scéim Ghinearálta dréacht-reachtaíochta maidir le Páirceanna Náisiúnta agus caomhnú an dúlra faofa agus foilsithe	Meitheamh 2023
Baill foirne sna stiúrthóireachtaí nua ag obair de réir na bpleananna gnó nua	Meitheamh 2023
Aschuir agus príomhspríocanna inghnóthaithe le haghaidh na bliana maidir le hábhair mhóra trasghearrtha curtha faoi bhráid an fhoireann bainistíochta sinsearaí le faomhadh ag na buanchoistí trasfheidhmiúla	Meitheamh 2023

R3 2023

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Athrú ó bhonn ar leasú ar chleachtais AD i NPWS déanta	Meán Fómhair 2023
Athbhreithniú lárphointe ar chur i bhfeidhm phlean straitéiseach trí-bliana um TFC ag NPWS agus bainisteoirí sinsearacha TFC Athbhreithniú lárphointe ar chur i bhfeidhm phlean straitéiseach trí-bliana um TFC ag NPWS agus bainisteoirí sinsearacha TFC	Meán Fómhair 2023
Plean foirmiúil i bhfeidhm um athruithe ar bhainistíocht ualach oibre an NPWS ag eascirt ón athbhreithniú inmheánach ar obair NPWS arna fáil ó, nó arna déanamh thar ceann, comhlachtaí poiblí eile, agus comhairliúcháin leis na comhlachtaí sin á gcur san áireamh	Meán Fómhair 2023
Plé a chríochnú le DPER ar bhealach i dtreo struchtúir chúí ghairme le haghaidh ghráid Tionscail NPWS	Meán Fómhair 2023
Faomhadh creata um fhorbairt pleananna straitéiseacha le haghaidh na bPáirceanna Náisiúnta ag na bainisteoirí sinsearacha	Meán Fómhair 2023

Tús curtha le moltaí an ghrúpa saineolaithe ar thagarmharcáil idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm	Meán Fómhair 2023
---	-------------------

R4 2023

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm foriomlán mholtáí an Athbhreithnithe	Nollaig 2023
Dréachtphleananna bainistíochta ullmhaithe le haghaidh gach ceann de na Páirceanna Náisiúnta agus pleananna curtha faoi bhráid an fhoireann bainistíochta sinsearaí	Nollaig 2023
Déanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí athbhreithniú ar dhul chun cinn na stiúthóireachtaí go léir i dtreo spriocanna ríthábhachtacha a bhaint amac	Nollaig 2023
Tús curtha le hathbhreithniú ar ghrádáil sainphost agus post réigiúnach trí fhéachaint chuig poist chomparáideacha i tseirbhís phoiblí na hÉireann	Nollaig 2023
Comhdháil bhliantúil NPWS	Nollaig 2023

2024

R1 2024

Gníomh	Dáta Críochnaithe
Athbhreithniú déanta ar ghrádáil sainphost agus post réigiúnach	Márta 2024
Dréachtphleananna bainistíochta um Pháirceanna Náisiúnta faofa	Márta 2024
Cur i bhfeidhm fionnachtana ag grúpa saineolaithe ar thagarmharcáil faoi lán seoil	Márta 2024
Dréacht-reachtaíocht ar Pháirceanna Náisiúnta agus chaomhnú an dúlra tugtha isteach san Oireachtas	Márta 2024
Cruinniú amháin ag an mbainistíocht shinsearach a bheith reáchtáilte in gach rannóg gheografach in 2023	Márta 2024



Images

Clúdach

Thuas:	Cnádáin i mbaol scaoilte amach san fhiántas	Íomhá le: NPWS
Sa Lár ar Chlé:	Beach Tholltach Liath (Andrena Cineraria)	Íomhá le: Lill Dunne
Sa Lár ar Dheis:	Ceannbhán, Portach an Fhéir Bháin	Íomhá le: Ronan Casey
Thíos:	Clárchosán Anaclann Dúlra agus Ionad Cuairteoirí Phortach Chlóirthigh	Íomhá le: NPWS

Leathanach 1

Portach Cheathrú Bheithí 'Foraois Bháistí ar Bharra do Mhéar Agat'	Íomhá le: Ronan Casey
--	-----------------------

Leathanach 5

Thuas ar Chlé:	Crotach san Aer	Íomhá le Owen Murphy
Thuas ar Dheis:	Drúchtíní ag Damhsa	Íomhá le: Tina Claffey
Thíos ar Chlé:	Bombus Lapidarius	Íomhá le: Owen Beckett
Thíos ar Dheis:	Drúchtíní Ballach	Íomhá le: Clare Heardman

Leathanach 11

Diúilicíní Péarla Fionnuisce, Toghroinn Chárthaí	Íomhá le: Richard O'Callaghan
--	-------------------------------

